3641550161

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

# ☐ Athrú Seolta agus / nó ☐ Athrú Ainm le haghaidh Taiscí / Táirgí Téarma Seasta

**TÁBHACHTACH** - Ba chóir na nótaí ar chúl an leathanaigh a léamh sula gcomhlánaítear an fhoirm seo. Cuir X sa bhosca/sna boscaí cuí thuas le do thoil. Is réimse éigeantach é aon réimse ina bhfuil * agus ní mór é a chomhlánú.

## PAINÉAL A | SONRAÍ CUSTAIMÉARA

Teideal* Céadainm* Sloinne Reatha*

**TÁBHACHTACH:** Tabhair faoi deara go n-athrófar do sheoladh cláraithe agus / nó d'ainm ar do shealúchais uile de chuid Coigilteas Stáit na hÉireann. Féach nóta 1.

Uimhir Theileafóin Teagmhála* SSCN Dáta Breithe* L L M M B B B B Uimhir Chuntais*

## PAINÉAL B | SONRAÍ MAIDIR LE hATHRÚ SEOLTA - féach nóta 3

**Iarraim ar Choigilteas Stáit na hÉireann mo sheoladh cláraithe a leasú mar seo a leanas:**

**Seoladh roimhe seo*** (BLOCLITREACHA)

Éirchód

Is féidir aon seoltaí eile roimhe seo a lua ar leathanach ar leith atá ceangailte leis an bhfoirm seo.

**Seoladh nua*** (BLOCLITREACHA)

Éirchód

**TÁBHACHTACH:** Féach na nótaí thall maidir leis na riachtanais Fianaise ar Chéannacht.

## PAINÉAL C | SONRAÍ MAIDIR LE hATHRÚ AINM - féach nóta 4

**Sonraí an Ainm Roimhe Seo*** (BLOCLITREACHA) Teideal* Céadainm * Sloinne Reatha*

Síniú Roimhe Seo* Síniú

**TÁBHACHTACH:** Ní mór duit cruthúnas ar shonraí d'ainm roimhe seo a chur ar fáil trí chóip bhunaidh nó dheimhnithe[1] de, mar shampla, Ceadúnas Tiomána nó Pas AE, deimhniú pósta, Deimhniú Gníomhais Aonpháirtí nó foraithne iomlán (i gcás colscartha).

**Ainm Nua**** (BLOCLITREACHA) Teideal* Céadainm* Sloinne Reatha*

Síniú Nua Síniú

**TÁBHACHTACH:** Ní mór doiciméid bhunaidh nó cóipeanna deimhnithe[1] de dhoiciméid bhunaidh a chur le gach iarratas ar athrú ainm de réir nóta 4.

## PAINÉAL D | NÍ MÓR DON SEALBHÓIR AGUS DON FHINNÉ AN PAINÉAL SEO A SHÍNIÚ - féach nóta 5

**Dearbhú agus Síniú:** Sínigh thíos le do thoil chun a dheimhniú gur léigh tú agus go dtuigeann tú na nótaí thuas maidir le Fianaise ar Chéannacht agus Sonraí Pearsanta. Sínigh an chuid seo den fhoirm agus cuir dáta léi. Iarraim/iarraimid ort m'ainm agus/nó sonraí seolta a leasú, de réir Painéal B agus/nó C thuas.

Síniú* Síniú Dáta* L L M M B B B B

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra Ainmnithe (sa chás gur mionaoiseach é an custaiméir, faoi bhun 18 mbliana d'aois) Síniú Dáta L L M M B B B B

<u>Finné</u> Deimhním gur shínigh an duine atá ainmnithe thuas i mo láthair agus go bhfuil doiciméadú cruthúnais ainm **<u>reatha agus bailí curtha ar fáil aige (dá ainm roimhe seo agus ainm nua araon má tá ainm á athrú) agus dhá dhoiciméad reatha agus bailí cruthúnais ar sheoladh baile (nach sine ná 6 mhí) ag taispeáint an seoladh nua luaite.</u>** Deimhním freisin go ndearnadh fótachóipeáil ar na doiciméid cruthúnais a soláthraíodh agus go bhfuil na fótachóipeanna marcáilte mar 'doiciméid bhunaidh feicthe' agus go bhfuil siad faoi iamh leis an bhfoirm seo.

**Ainm an fhinné*** (BLOCLITREACHA) Uimhir Theileafóin Teagmhála Finné Uimhir*

**Seoladh Finné*** (BLOCLITREACHA)

Tábhachtach Stampa Oifigiúil Finné*

Síniú Finné* Síniú Éirchód

Slí Bheatha Finné* (BLOCLITREACHA) Dáta* L L M M B B B B

**Tabhair faoi deara go gcaithfidh finné neamhspleách gach fótachóip ábhartha de dhoiciméid cruthúnais a dheimhniú, a stampáil agus a chur ar ais in éineacht leis an bhfoirm seo chuig: Coigilteas Stáit na hÉireann, SAORPHOST, Riarachán Custaiméirí, Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2**

## PAINÉAL E | SEICLIOSTA LE HAGHAIDH DOICIMÉID A THEASTAÍONN DO GACH SEALBHÓIR AINM A IARRANN ATHRÚ (Féach nótaí thall, le do thoil)

**Athrú Seolta** Foirm Chomhlánaithe ☐ Cruthúnas ar Ainm ☐ Dhá Chruthúnas ar Sheoladh ☐

**Athrú Ainm** Foirm Chomhlánaithe ☐ Cruthúnas ar Ainm ☐ Dhá Chruthúnas ar Sheoladh ☐ Cruthúnas ar an Ainm Roimhe Seo ☐

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

## NÓTAÍ TÁBHACHTACHA - le léamh sula gcomhlánfar an fhoirm seo

### 2. OLAS GINEARÁLTA

Comhlánaigh an fhoirm i mBLOCLITREACHA le dúch gorm nó dubh agus seol an fhoirm chomhlánaithe mar aon leis na cóipeanna bunaidh nó deimhnithe[1] de na doiciméid cruthúnais chuig: **Coigilteas Stáit na hÉireann, SAORPHOST, Riarachán Custaiméirí, Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.** Tabhair faoi deara gur réimsí éigeantacha iad na réimsí go léir ina bhfuil * agus ní mór iad a chomhlánú. Ba chóir an fhoirm le haghaidh 'Athrú Seolta/Ainm Duaisbhannaí' a chomhlánú agus a sheoladh chuig: Coigilteas Stáit na hÉireann, SAORPHOST, Duaisbhannaí, Ionad FEXCO, Cill Orglan, Contae Chiarraí, V93 WN9T. Tá an dá fhoirm ar fáil le híoslódáil ag statesavings.ie nó ar iarratas trí ghlaoch 0818 20 50 60 / 01 705 7200. Seans go mbeidh orainn glaoch a chur ort chun sonraí a bhaineann le d'iarratas a shoiléiriú. Cuirfimid ceisteanna slándála i gcónaí chun d'aitheantas a dheimhniú agus chun sonraí d'iarratais a dheimhniú. Ní iarrfaimid ort go deo faisnéis a nochtadh ar nós do UPSP, sonraí Cuntais Bainc, Pasfhocail srl. Má tá aon amhras ort, cuir glaoch láithreach ar Fhoireann Coigilteas Stáit na hÉireann - 0818 20 50 60 / 01 705 7200.

### 2. UIMHIR CHUSTAIMÉARA COIGILTEAS STÁIT (SSCN)

Is uimhir uathúil custaiméara í an Uimhir Chustaiméara Coigilteas Stáit (SSCN) a shainaithníonn tú agus a chuireann ar do chumas idirbheartaíocht a dhéanamh linn go héasca. Féadfar do SSCN a phriontáil ar chomhfhreagras a fhaigheann tú uainn. Féach statesavings.ie/SSCN le haghaidh tuilleadh sonraí.

### 3. ATHRÚ SEOLTA

Cinntigh le do thoil go soláthraíonn tú sonraí faoi do sheoladh roimhe seo chomh maith le do sheoladh nua. Ní mór doiciméid bhunaidh nó cóipeanna deimhnithe[1] de dhoiciméid bhunaidh mar seo a leanas a bheith ag gabháil le gach iarratas ar athrú seolta; doiciméad cruthúnais reatha agus bailí ar ainm **AMHÁIN** agus **DHÁ** dhoiciméad cruthúnais reatha agus bhailí ar sheoladh baile (nach sine ná 6 mhí) a thaispeánann an seoladh luaite nua. Seolfar gach doiciméad bunaidh a soláthraítear ar ais chugat. Má tá aon cheist nó deacracht agat maidir leis na doiciméid seo a sholáthar, déan teagmháil linn ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200.

### 4. ATHRÚ AINM

Cinntigh le do thoil go soláthraíonn tú sonraí faoi d'ainm roimhe seo chomh maith le d'ainm nua. Ní mór duit cruthúnas ar shonraí d'ainm roimhe seo a chur ar fáil trí chóip bhunaidh nó dheimhnithe[1] de, mar shampla, Ceadúnas Tiomána nó Pas AE, deimhniú pósta, deimhniú Gníomhais Aonpháirtí nó foraithne iomlán (i gcás colscartha). Toisc go dteastaíonn athrú sínithe chun ainm a athrú, ní mór duit síniú samplach a sholáthar. Ní mór doiciméid bhunaidh nó cóipeanna deimhnithe[1] de dhoiciméid bhunaidh mar seo a leanas a bheith ag gabháil le gach iarratas ar athrú ainm; doiciméad cruthúnais reatha agus bailí ar ainm **AMHÁIN** (ag deimhniú sonraí d'ainm nua) agus **DHÁ** dhoiciméad cruthúnais reatha agus bhailí ar sheoladh baile (nach sine ná 6 mhí). Seolfar gach doiciméad bunaidh a soláthraítear ar ais chugat. Má tá aon cheist nó deacracht agat maidir leis na doiciméid seo a sholáthar, déan teagmháil linn ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200.

### 5. SÍNIÚ & FINNÉ

Cinntigh le do thoil go síníonn tú an painéal seo i láthair finné neamhspleách nach mór a bheith ina dhuine ar bith díobh seo a leanas; Oifigeach de chuid Oifig an Phoist, Ball den Gharda Síochána, nó Aturnae cleachtach / Coimisinéir Mionnaí.

Áirítear le doiciméid inghlactha cruthúnais ar sheoladh cóipeanna bunaidh nó cóipeanna deimhnithe[1] d'aon DÁ cheann díobh seo a leanas: Bille teaghlaigh (leictreachas, teileafón, gás) reatha agus bailí (nach sine ná 6 mhí), ráiteas Bainc, Cumann Foirgníochta nó Comhar Creidmheasa, doiciméad oifigiúil ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Áirítear le doiciméid inghlactha cruthúnais ar ainm cóipeanna bunaidh nó cóipeanna deimhnithe d'aon cheann AMHÁIN díobh seo a leanas: Ceadúnas Tiomána nó Pas AE reatha agus bailí. Seolfar gach doiciméad bunaidh ar ais chugat.

**Cinntigh, le do thoil, go bhfuil gach ceann de na doiciméid riachtanacha cruthúnais fianaithe mar atá leagtha amach i bPainéal D**

[1]Cóip Deimhnithe - Is féidir leat na doiciméid bhunaidh a thabhairt chuig aon Oifig an Phoist, áit ar féidir le hOifigeach de chuid Oifig an Phoist an bhunchóip a fhótachóipeáil lena dheimhniú gur cóip dhílis den bhunchóip é. De rogha air sin, is féidir leat na doiciméid bhunaidh a thabhairt chuig Comhalta den Gharda Síochána nó chuig Aturnae/Coimisinéir Mionnaí cleachtach, áit ar féidir leo an bunchóip a fhótachóipeáil agus é a stampáil chun a dheimhniú gur cóip dhílis den bhunchóip é.

## Nótaí maidir le Fianaise ar Chéannacht agus Sonraí Pearsanta

### 2. Fianaise Aitheantais & Faisnéis Eile

2.1 Iarrtar ort d'aitheantas a dheimhniú dúinn (lena n-áirítear do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) ó am go ham chun críocha:

(a) an Chomhaontaithe (aon Idirbheart san áireamh);

(b) riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus

(c) cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus maidir le haon treoir a eisíonn comhlachtaí rialála ábhartha, agus maidir le slándáil cuntais agus cosc calaoise.

2.2 Tig linn d'aitheantas a fhíorú:

(a) go leictreonach (trí thagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a thug tú, lena n-áirítear d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)); nó

(b) de láimh (trí thagairt a dhéanamh do cháipéisíocht bhunaidh nó cóip dheimhnithe inghlactha a chuir tú ar fáil, lena bhféadfaí a áireamh do phas reatha, ceadúnas tiomána AE reatha, bille fóntais le déanaí, ráiteas bainc le déanaí ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa, do Chárta Seirbhísí Poiblí agus/nó cáipéisíocht oifigiúil eile a d'eisigh na Coimisinéirí

Ioncaim nó an an Roinn Coimirce Sóisialaí duit.)

2.3 I gcás nár thug tú fianaise aitheantais sásúil chun na gcríoch atá leagtha amach i gcoinníoll 2.1, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas chun an Táirge a cheannach go dtí go mbeidh do chéannacht deimhnithe chun ár sástachta.

2.4 Is féidir go n-éileoimis ort faisnéis áirithe eile a sholáthar dúinn faoi do náisiúntacht, stádas fostaíochta, foinse cistí (m.sh.coigilteas nó ioncam) agus faisnéis eile chun críocha chomhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus maidir le haon treoir a eisíonn comhlachtaí rialála ábhartha.

2.5 Áit a n-éilítear ort faisnéis a sholáthar de bhun choinníoll 2.4 agus nach bhfuil sé sin déanta agat cuirfimid comhairle ort agus ní leanfaimid ar aghaidh le d'iarratas ar Tháirge a cheannach go dtí go soláthraítear an fhaisnéis a iarrtar dúinn.

### 3. Sonraí Pearsanta

3.1 Leagann an coinníoll 3 seo (Sonraí Pearsanta) amach achoimre de na sonraí pearsanta a d'fhéadfaimis a phróiseáil fút féin i dtaca leis na Táirgí, mar aon le hachoimre ar do chearta um chosaint sonraí. Tá cóip iomlán dár Ráiteas Cosanta Sonraí Coigilteas Stáit ar fáil ag https://www.statesavings.ie/help-support/help-articles/state-savings-data-protection-statement. Dá mb'fhearr leat cóip chrua den Ráiteas Cosanta Sonraí Coigilteas Stáit a fháil is féidir leat scríobh chugainn freisin chun cóip a iarraidh ag Oifigeach Cosanta Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

3.2 Is é an GBCN Rialaitheoir (mar a shainítear é sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus chun na críche sin) na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú. Is 'comhlacht sonraithe' atá san Aire Airgeadais agus sa GBCN chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, arna leasú, faoina bhfuil údarás ag an GBCN agus ag an Aire Airgeadais sonraí pearsanta a phróiseáil, UPSP san áireamh, chun críocha áirithe.

3.3 Baileoimid, próiseálfaimid agus úsáidfimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i gcoinníoll 2 (Fianaise Aitheantais & Faisnéis Eile):

(a) de réir mar is gá chun an Comhaontú (aon Idirbheart san áireamh) a fheidhmiú;

(b) i gcomhair riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus

(c) i gcomhair cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus maidir le haon treoir a eisíonn comhlachtaí rialála ábhartha, agus maidir le slándáil cuntais agus cosc calaoise.

3.4 Admhaíonn tú bailiúchán, próiseáil agus úsáid do chuid sonraí pearsanta (do UPSP san áireamh) chun na críocha arna leagan amach in 3.3.

3.5 Tig linn féin, lenár nGníomhairí agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ag feidhmiú ar ár son sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche an Chomhaontaithe agus chun críocha dlí lena mbaineann agus chun aon chríche eile a bhaineann le feidhmíocht an Chomhaontaithe nó aon ní eile a bhaineann leis go réasúnach.

3.6 Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada is a bhíonn sealúchas agat le Coigilteas Stáit na hÉireann agus seachas sin de réir an dlí um chosaint sonraí agus na hoibleagáidí reachtúla infheidhmithe (lena n-áirítear reachtaíocht a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí).

3.7 Faoi réir do thola, tig linn, nó lenár nGníomhairí, do shonraí pearsanta a úsáid chun críche margaíocht a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit. I gcás go bhfuil níos mó ná Táirge amháin agat, beidh feidhm ag na sainroghanna is déanaí a thug tú le fios ar gach Táirge atá agat lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta.

3.8 Faoi réir eisceachtaí áirithe i ngach cás, tá sé de cheart agat rochtain a iarradh agus cóip a fháil de do chuid sonraí pearsanta a choinnímid de réir an GDPR, do chuid sonraí pearsanta a cheartú i gcás go bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, srianadh a iarraidh maidir leis an úsáid a bhaintear as do shonraí pearsanta, do thoiliú a aistarraingt maidir le próiseáil do shonraí pearsanta, áit a mbraithimid ar do thoiliú chun iad a phróiseáil, do chuid sonraí pearsanta a scriosadh, agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil do chuid sonraí pearsanta, iniomparthacht na sonraí i ndáil le do chuid sonraí pearsanta a iarradh. Más mian leat úsáid a bhaint as ceann ar bith de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le an Coimisiún um Chosaint Sonraí. Feic dataprotection.ie i gcomhair tuilleadh eolais.